



---

*Uimhir 39 de 2013*

---

**AN tACHT UM RIALÁIL GÁIS, 2013**

*[An tionú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

**ALT**

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Caiteachais
4. Tuarascáil ón Aire

**CUID 2**

**AN CHUIDEACHTA LÍONRA**

5. An chuideachta líonra
6. Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais na cuideachta líonra
7. Stiúrthóirí na cuideachta líonra
8. Dícháiliú le haghaidh oifig stiúrtóra de chuid na cuideachta líonra
9. Comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa
10. Stiúrthóirí de chuid na cuideachta líonra do nochtadh leasanna
11. Comhaltaí d'fhoireann na cuideachta líonra do nochtadh leasanna
12. Faisnéis faoi rún a nochtadh
13. BGÉ agus Gaslink d'ullmhú plean aistrithe líonra
14. An tAire do cheadú plean aistrithe líonra
15. Dáta aistrithe líonra

[Uimh. 39.] *An tAcht um Rialáil Gáis, 2013* [2013.]

16. Aistriú chuig an gcuideachta líonra
17. Aistrithe chuig an gcuideachta líonra tar éis an dáta aistrithe líonra
18. Cruthúnas ar theideal trí dheimhniú
19. Ceart go dtabharfar doiciméid teidil ar aird
20. Tuarascáil bhliantúil agus cuntais

#### CUID 3

##### GNÓ FUINNIMH A AISTRIÚ CHUIG CUIDEACHTA FUINNIMH

21. Ullmhóidh BGÉ plean aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh
22. Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais cuideachta fuinnimh
23. Stiúrtóirí cuideachta fuinnimh
24. An tAire do cheadú plean aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh
25. Dáta aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh
26. Aistriú chuig cuideachta fuinnimh
27. Aistrithe chuig cuideachta fuinnimh tar éis an dáta aistrithe
28. Cruthúnas ar theideal trí dheimhniú
29. Ceart go dtabharfar doiciméid teidil ar aird
30. Cuideachta fuinnimh a dhiúscairt
31. Cánachas ar ghnóchain inmhuirearaithe

#### CUID 4

##### LEASUITHE AR ACHT 1976

32. Leasú ar Acht 1976
33. Feidhmeanna an Bhoird
34. Feidhmeanna breise a thabhairt don Bhord
35. Ordacháin maidir le brabúis agus cuspóirí airgeadais an Bhoird
36. Cuntais agus iniúchtaí
37. Foireann an Bhoird
38. Leasú ar alt 18 d'Acht 1976 — Aoisliúntas d'oifigigh agus do sheirbhísigh an Bhoird
39. Áraigh chaipitil an Bhoird
40. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1976

[2013.] *An tAcht um Rialáil Gáis, 2013* [Uimh. 39.]

CUID 5

ILGHNÉITHEACH

41. Stoc caipitiúil áirithe arna eisiúint ag BGÉ faoi alt 7B(2) d'Acht 1976 a aistriú
42. Feidhmeanna an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna i ndáil leis an gcuideachta líonra
43. Leasú ar alt 2 d'Acht 1987
44. Leasú ar alt 17 den Acht Gáis (Leasú), 2000
45. Leasú ar alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002
46. Leasú ar alt 16 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013
47. Leasú breise ar an Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013

SCEIDEAL 1

SÓCMHAINNÍ, CEADÚNAIS, CEARTA AGUS DLITEANAIS DE CHUID BGÉ, AGUS DE CHUID GASLINK, A AISTRIÚ CHUIG AN gCUIDEACHTA LÍONRA

SCEIDEAL 2

FOSTAITHE ÁIRITHE DE CHUID BGÉ, AGUS DE CHUID GASLINK, A AISTRIÚ CHUIG AN gCUIDEACHTA LÍONRA

SCEIDEAL 3

SÓCMHAINNÍ, CEADÚNAIS, CEARTA AGUS DLITEANAIS A AISTRIÚ CHUIG CUIDEACHTA FUINNIMH

SCEIDEAL 4

FOSTAITHE ÁIRITHE A AISTRIÚ CHUIG CUIDEACHTA FUINNIMH

---

[Uimh. 39.]      *An tAcht um Rialáil Gáis, 2013*      [2013.]

NA hAchtanna dá dTagraítear

*Alliance and Dublin Gas Acts*, 1866 go 1909  
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 (Uimh. 13)  
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2009 (Uimh. 20)  
Acht na gCuideachtaí, 1963 (Uimh. 33)  
Acht na gCuideachtaí, 1990 (Uimh. 33)  
Achtanna na gCuideachtaí  
An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Uimh. 23)  
An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 1995 (Uimh. 35)  
An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006 (Uimh. 40)  
An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (Uimh. 7)  
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Uimh. 22)  
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)  
An tAcht Imeall Trágha, 1933 (Uimh. 12)  
An tAcht Gáis (Leasú), 1987 (Uimh. 9)  
An tAcht Gáis (Leasú), 2000 (Uimh. 26)  
An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002 (Uimh. 10)  
An tAcht Gáis, 1976 (Uimh. 30)  
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 (Uimh. 27)  
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 (Uimh. 10)  
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)  
*Superannuation Act* 1859 (22 Vict., c. 26)  
Na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963  
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)  
An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2013 (Uimh. 6)



---

*Uimhir 39 de 2013*

---

## **AN tACHT UM RIALÁIL GÁIS, 2013**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do dhéanamh socrú maidir le hoibríochtaí tarchuir agus dáilte agus gnó fuinnimh Bhord Gáis Éireann a atheagrú agus, chun na críche sin, maidir le fochuideachtaí de chuid Bhord Gáis Éireann a bhunú; do dhéanamh socrú chun go leanfaidh úinéireacht phoiblí ar líonraí gáis nádúrtha ar aghaidh; do dhéanamh socrú maidir le Treoir 2009/73/CE an 13 Iúil 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup> a chur i ngníomh tuilleadh trí shocrú a dhéanamh chun gnó fuinnimh Bhord Gáis Éireann a dhiúscairt agus chun úinéireacht Bhord Gáis Éireann a atheagrú; do leasú an Achta Gáis, 1976, an Achta Gáis (Leasú), 1987, an Achta Gáis (Leasú), 2000, an Achta Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002 agus an Achta um Sheirbhísí Uisce, 2013; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[3 *Nollaig* 2013]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### CUID 1

#### RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

#### **Gearrtheideal agus tosach feidhme**

1. (1) Féadfar an tAcht um Rialáil Gáis, 2013 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *alt 47*, i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

#### **Léiriú**

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1976” an tAcht Gáis, 1976;

ciallaíonn “Acht 1987” an tAcht Gáis (Leasú), 1987;

<sup>1</sup>IO Uimh. L 211, 14.8.2009, lch. 94.

ciallaíonn “Acht 2002” an tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002;

ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006;

ciallaíonn “sócmhainní” aon eastát nó leas dlíthiúil nó cothromasach (cibé acu san am i láthair nó san am atá le teacht agus cibé acu dílsithe nó teagmhasach) i maoin réadach nó phearsanta d’aon tuairisc (lena n-áirítear airgead) agus folaíonn sé urrúis, ábhair i gcaingean agus doiciméid;

ciallaíonn “BGÉ” Bord Gáis Éireann;

ciallaíonn “Coimisiún” an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (arna oiriúnú le halt 5 d’Acht 2002);

ciallaíonn “dáta diúscartha”, i ndáil le cuideachta fuinnimh, an dáta a dhéantar an chuideachta fuinnimh a dhiúscairt de bhun *alt 30*;

ciallaíonn “córas dáilte” an córas atá ar úinéireacht ag BGÉ agus á oibriú ag Gaslink chun gás nádúrtha a iompar trí phíblínite áitiúla nó réigiúnacha d’fhonn é a sheachadadh ar chustaiméirí;

folaíonn “fostaithe de chuid BGÉ” fostaithe de chuid an Bhoird de réir bhrí *alt 7A* d’Acht 1976;

ciallaíonn “gnó fuinnimh” an gnó fuinnimh atá ar úinéireacht agus á oibriú ag BGÉ agus a fhochuideachtaí agus folaíonn sé na feidhmeanna, na gníomhaíochtaí gnó, na sócmhainní agus na ceadúnais de chuid BGÉ agus a fhochuideachtaí a bhaineann—

(a) le gás nádúrtha a sholáthar,

(b) le leictreachas a ghiniúint,

(c) le leictreachas a sholáthar, agus

(d) le hoibríochtaí na fochuideachta de chuid BGÉ atá cláraithe faoi dhlíthe Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann mar *firmus energy (Distribution) Limited* faoin uimhir cláraithe cuideachta 05375370;

déanfar “cuideachta fuinnimh” a fhorléiriú de réir *alt 21*;

ciallaíonn “Gaslink” *Gaslink Independent System Operator Ltd.*, arb í an chuideachta í a foirmíodh de bhun Rialachán 5 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (An Margadh Immheánach i nGás Nádúrtha) (BGÉ), 2005 (I.R. Uimh. 760 de 2005);

ciallaíonn “dliteanais” dliteanais, fiacha nó oibleagáidí (cibé acu san am i láthair nó san am atá le teacht agus cibé acu dílsithe nó teagmhasach);

folaíonn “ceadúnais” ceadúnais, údaruithe agus ceadanna—

(a) faoin Acht Imeacha Trágha, 1933,

(b) faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992,

(c) faoin Acht um Rialáil Leictreachais, 1999,

(d) faoin Acht Gáis (Leasú), 2000,

(e) faoi Acht 2002,

[2013.] *An tAcht um Rialáil Gáis*, 2013 [Uimh. 39.] Cd.1 A.2

(f) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trádáil Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa), 2012 (I.R. Uimh. 490 de 2012);

tá le “Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1976;

déanfar “leas ábhartha” a fhorléiriú de réir alt 2(3) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995;

ciallaíonn “Aire” an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha;

ciallaíonn “Treoir um Ghás Nádúrtha” Treoir 2009/73/CE an 13 Iúil 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>2</sup> maidir le comhrialacha le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE;

déanfar “cuideachta líonra” a fhorléiriú de réir alt 5;

déanfar “dáta aistrithe líonra” a fhorléiriú de réir alt 15;

déanfar “plean aistrithe líonra” a fhorléiriú de réir alt 13;

folaíonn “úinéireacht”, i ndáil le sócmhainn, cearta dílseánaigh a éiríonn faoi léas, faoi cheadúnas nó faoi earbadh na sócmhainne;

ciallaíonn “cearta” aon chearta, cumhachtaí, pribhléidí nó díolúintí (cibé acu san am i láthair nó san am atá le teacht agus cibé acu dílsithe nó teagmhasach);

ciallaíonn “córas tarchuir” an córas atá ar úinéireacht ag BGÉ agus á oibriú ag Gaslink chun gás nádúrtha a iompar trí pháblíne ardbhrú, seachas páblíne in aghaidh srutha, d’fhonn an gás a sheachadadh ar chustaiméirí;

ciallaíonn “fochuideachta” fochuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí;

déanfar “dáta aistrithe” a fhorléiriú de réir alt 25;

déanfar “plean aistrithe” a fhorléiriú de réir alt 21.

### **Caiteachais**

3. Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

### **Tuarascáil ón Aire**

4. (1) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis thosach feidhme na Coda seo, tuarascáil ar oibriú an Achta seo le linn na tréimhse sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) D’ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, beidh faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas i dtuarascáil faoin alt seo—

(a) an chuideachta líonra a fhoirmiú,

(b) aon phlean aistrithe líonra a cheadú,

(c) aon phlean aistrithe chuig cuideachta fuinnimh a cheadú,

<sup>2</sup>IO Uimh. L 211, 14.8.2009, lch. 94.

- (d) aon chuideachta fuinnimh a dhiúscairt, agus
- (e) an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna a cheapadh faoi alt 7B(2)(e) d'Acht 1976.

## CUID 2

### AN CHUIDEACHTA LÍONRA

#### **An chuideachta líonra**

5. (1) A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, déanfaidh BGÉ cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (dá ngairtear “an chuideachta líonra” san Acht seo) a fhoirmiú agus a chlárú faoi Achtanna na gCuideachtaí de réir na Coda seo.
- (2) Ní bheidh feidhm ag mír (b) d’fho-alt (1) d’alt 6 (a cuireadh isteach le halt 3 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 agus leis an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin) d’Acht na gCuideachtaí, 1963 maidir leis an gcuideachta líonra.
- (3) Is é BGÉ an t-aon chomhalta amháin den chuideachta líonra.
- (4) Ní fhéadfaidh BGÉ úinéireacht na cuideachta líonra a aistriú.

#### **Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais na cuideachta líonra**

6. (1) Beidh meabhrán comhlachais na cuideachta líonra i cibé foirm, ar comhréir leis an Acht seo, a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ní bheidh siad ar neamhréir leis an Treoir um Ghás Nádúrtha.
- (2) Ar áireamh ar phríomhchuspóirí na cuideachta líonra a bheidh luaite sa mheabhrán comhlachais, beidh úinéireacht agus oibriú an chórais tarchuir agus an chórais dáilte ar mhodh atá ar comhréir leis an Treoir um Ghás Nádúrtha agus leis an Acht seo.
- (3) Beidh airteagail chomhlachais na cuideachta líonra i cibé foirm, ar comhréir leis an Acht seo, a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ní bheidh siad ar neamhréir leis an Treoir um Ghás Nádúrtha.
- (4) D’ainneoin aon ní in Achtanna na gCuideachtaí, ní bheidh aon athrú ar mheabhrán comhlachais nó ar airteagail chomhlachais na cuideachta líonra bailí ná éifeachtúil mura ndéanfar é le ceadú roimh ré ón Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### **Stiúrthóirí na cuideachta líonra**

7. (1) Ní lú ná 4 líon stiúrthóirí na cuideachta líonra.
- (2) Ní cheapfar aon duine ná ní ghníomhóidh aon duine mar stiúrthóir de chuid na cuideachta líonra más stiúrthóir nó oifigeach é nó í de chuid cuideachta nó comhlacht corpraithe eile a ghabhann, laistigh den Stát nó lasmuigh de—
  - (a) do ghás nádúrtha a sholáthar,
  - (b) do ghás nádúrtha a loingsiú,



- (c) do ghás nádúrtha a tháirgeadh,
- (d) do leictreachas a sholáthar, nó
- (e) do leictreachas a ghiniúint.

(3) Faoi réir *ailt 8 go 12*, ní bheidh ceapachán stiúirthóra de chuid na cuideachta líonra ná foirceannadh ceapacháin den sórt sin bailí ná éifeachtúil mura ndéanfar é le ceadú roimh ré ón Aire tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### **Dícháiliú le haghaidh oifig stiúirthóra de chuid na cuideachta líonra**

8. (1) Scoirfidh stiúirthóir de chuid na cuideachta líonra de bheith cáilithe chun bheith, agus scoirfidh sé nó sí de bheith, ina stiúirthóir de chuid na cuideachta líonra más rud é—
- (a) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
  - (b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,
  - (c) go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi,
  - (d) go gciontófar é nó í in aon chion indíotáilte i ndáil le cuideachta,
  - (e) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, cibé acu is i ndáil le cuideachta é nó nach ea, nó
  - (f) go ndéanfar ordú ina thaobh nó ina taobh faoi alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.
- (2) Is alt é seo i dteannta, agus ní alt é in ionad, aon fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí ar dá bua nach bhfuil duine cáilithe chun bheith ina stiúirthóir de chuid na cuideachta nó a scoirfidh duine de bheith ina stiúirthóir de chuid na cuideachta.

#### **Comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa**

9. (1) Más rud é, maidir le stiúirthóir de chuid na cuideachta líonra—
- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
  - (b) go dtoghfad é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
  - (c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,
- scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina stiúirthóir de chuid na cuideachta líonra.
- (2) Más rud é, maidir le comhalta d'fhoireann na cuideachta líonra—
- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
  - (b) go dtoghfad é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na cuideachta líonra.

(3) Aon duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal, faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas, suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina stiúrthóir de chuid na cuideachta líonra.

(4) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997.

#### Stiúrthóirí de chuid na cuideachta líonra do nochtadh leasanna

10. (1) Más rud é go n-eascróidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú de stiúrthóirí na cuideachta líonra, eadhon—

(a) socrú ar páirtí ann an chuideachta líonra nó socrú den sórt sin atá beartaithe, nó

(b) conradh nó comhaontú eile leis an gcuideachta líonra nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,

ansin, maidir le haon stiúrthóir de chuid na cuideachta a bheidh i láthair ag an gcruinniú agus a mbeidh leas ábhartha aige nó aici sa ní seachas ina cháil nó ina cáil mar stiúrthóir den sórt sin—

(i) nochtfaidh sé nó sí ag an gcruinniú do na stiúrthóirí eile de chuid na cuideachta líonra a bheidh i láthair go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an cineál leasa é,

(ii) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt i ndáil leis an ní,

(iii) fanfaidh sé nó sí as láthair ón gcruinniú nó ón gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléifear an ní,

(iv) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon phlé a dhéanfar maidir leis an ní, agus

(v) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(2) I gcás go nochtfar leas ábhartha de bhun an ailt seo, déanfar an nochtadh a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag déileáil leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an stiúrthóir a dhéanann an nochtadh sa chóram don chruinniú.

(3) I gcás go n-eascróidh ceist ag cruinniú de stiúrthóirí na cuideachta líonra i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompraíocht áirithe ag stiúrthóir de chuid na cuideachta, dá ndéanadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe an cheist a chinneadh, faoi réir *fho-alt (4)*, agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an chathaoirligh, agus i gcás go gcinneadh ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe.

- (4) Más rud é, ag cruinniú de stiúrtóirí na cuideachta líonra, gurb é nó gurb í cathaoirleach an chruinnithe an stiúrtóir a mbeidh ceist lena mbaineann *fo-alt* (3) le cinneadh ina leith, ansin déanfaidh stiúrtóirí eile na cuideachta a bheidh ag freastal ar an gcrúinniú duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcrúinniú chun an cheist lena mbaineann a chinneadh.
- (5) (a) I gcás gur deimhin leis an Aire go bhfuil sárú déanta ag stiúrtóir de chuid na cuideachta líonra ar *fho-alt* (1), féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi é, a ordú do BGÉ an stiúrtóir sin a chur as oifig agus déanfaidh BGÉ de réir an ordacháin sin.
- (b) I gcás go gcuirfear duine as oifig de bhun ordacháin faoin bhfo-alt seo, beidh sé nó sí dícháilithe as sin amach chun bheith ina stiúrtóir de chuid na cuideachta líonra.
- (6) Ní bheidh feidhm ag alt 194 (arna leasú le halt 2 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2009) d'Acht na gCuideachtaí, 1963 maidir le stiúrtóir de chuid na cuideachta líonra.

#### **Comhaltaí d'fhoireann na cuideachta líonra do nochtadh leasanna**

- 11.** (1) I gcás go mbeidh leas ábhartha ag comhalta d'fhoireann na cuideachta líonra, seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin, in aon chonradh, comhaontú nó socrú ar páirtí ann an chuideachta líonra, nó in aon chonradh, comhaontú nó socrú den sórt sin atá beartaithe—
- (a) nochtfaidh an duine sin don chuideachta líonra go bhfuil leas aige nó aici agus cad é cineál an leasa,
- (b) ní ghlacfaidh an duine sin aon pháirt i gcaibidil an chonartha, an chomhaontaithe nó an tsocraithe nó in aon phlé ag an gcuideachta líonra nó ag comhaltaí d'fhoireann na cuideachta líonra i ndáil leis an gcéanna, agus
- (c) ní imreoidh an duine sin tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt i ndáil leis an ní ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1) maidir le conarthaí fostaíochta nó conarthaí fostaíochta beartaithe de chuid comhaltaí d'fhoireann na cuideachta líonra leis an gcuideachta líonra.
- (3) I gcás go sáróidh duine an t-alt seo, féadfaidh an chuideachta líonra cibé athruithe a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an duine is cuí léi nó conradh fostaíochta an duine a fhoirceannadh.

#### **Faisnéis faoi rún a nochtadh**

- 12.** (1) Ní nochtfaidh duine faisnéis faoi rún a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di feidhmeanna a chomhlíonadh mar stiúrtóir de chuid na cuideachta líonra nó mar chomhalta d'fhoireann na cuideachta líonra, nó mar chomhairleoir nó sainchomhairleoir don chuideachta líonra, nó mar chomhalta d'fhoireann comhairleora nó sainchomhairleora den sórt sin, mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag an Údarás chun déanamh amhlaidh.

(2) Ní oibreoidh *fo-alt (1)* chun a thoirmeasc ar dhuine dá dtagraítear san *fho-alt* sin faisnéis faoi rún a nochtadh do BGÉ.

(3) San alt seo, folaíonn “faisnéis faoi rún”—

(a) faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an gcuideachta líonra ina leith go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d’aicme nó de thuairisc áirithe, agus

(b) tograí de chineál tráchtála nó tairiscintí a chuirfidh conraitheoirí, sainchomhairleoirí nó aon duine eile faoi bhráid na cuideachta líonra.

### **BGÉ agus Gaslink d’ullmhú plean aistrithe líonra**

**13.** (1) A luaithe is indéanta tar éis an chuideachta líonra a chlárú faoi Achtanna na gCuideachtaí, déanfaidh BGÉ agus Gaslink plean amháin nó níos mó (dá ngairtear “plean aistrithe líonra” san Acht seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú nó lena gceadú chun—

(a) cibé sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dliteanais, agus

(b) cibé foireann,

de chuid BGÉ, agus de chuid Gaslink, a aistriú chuig an gcuideachta líonra is dóigh le BGÉ nó le Gaslink a bheith riachtanach nó coimhdeach le haghaidh úinéireacht agus oibriú an chórais tarchuir agus an chórais dáilte ag an gcuideachta líonra.

(2) Sonróidh BGÉ agus Gaslink sa phlean aistrithe líonra na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus atá le haistriú—

(a) trí thagairt a dhéanamh do shócmhainní, ceadúnais, cearta agus dliteanais nó comhaltaí foirne aonair,

(b) trí thagairt a dhéanamh do na sócmhainní, na ceadúnais, na cearta agus na dliteanais agus na comhaltaí foirne go léir nó d’aon cheann de na sócmhainní, na ceadúnais, na cearta agus na dliteanais agus d’aon chomhalta foirne (cibé acu faoi réir eisceachtaí nó nach ea) a bhaineann le feidhm shonraithe, gníomhaíocht ghnó shonraithe, rannán sonraithe nó cuid shonraithe de BGÉ nó de Gaslink, nó

(c) trí thagairt a dhéanamh do theaghlaim de na nithe dá dtagraítear sa dá mhír sin roimhe seo.

(3) Féadfar, le plean aistrithe líonra, foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe forlíontacha, teagmhasacha agus iarmhartacha a bheidh riachtanach nó coimhdeach maidir leis na nithe a luaitear i *míreanna (a)* agus *(b) d’fho-alt (1)* a aistriú chuig an gcuideachta líonra (lena n-áirítear an t-ord ina measfar éifeacht a bheith le haon aistrithe).

**An tAire do cheadú plean aistrithe líonra**

**14.** (1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, plean aistrithe líonra a cheadú, fara leasú nó gan leasú.

(2) Ní cheadóidh an tAire plean aistrithe líonra mura deimhin leis nó léi nach ndéantar foráil leis an bplean ach amháin maidir le sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dlíteanais agus foireann a aistriú atá riachtanach nó coimhdeach maidir le húinéireacht agus oibriú an chórais tarchuir agus an chórais dáilte.

**Dáta aistrithe líonra**

**15.** Ar phlean aistrithe líonra a cheadú faoi *alt 14* nó dá éis, ceapfaidh an tAire dáta (dá ngairtear an “dáta aistrithe líonra” san Acht seo) mar an dáta ar a mbeidh éifeacht leis an bplean sin trí fhógra a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

**Aistriú chuig an gcuideachta líonra**

**16.** An dáta aistrithe líonra—

(a) tá éifeacht le *Sceideal 1*, maidir le sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dlíteanais de chuid BGÉ, agus de chuid Gaslink, a shonrófar sa phlean aistrithe líonra, a aistriú chuig an gcuideachta líonra, agus

(b) tá éifeacht le *Sceideal 2* maidir le foireann de chuid BGÉ agus foireann de chuid Gaslink a shonrófar sa phlean aistrithe líonra a aistriú chuig an gcuideachta líonra.

**Aistrithe chuig an gcuideachta líonra tar éis an dáta aistrithe líonra**

**17.** (1) Aon tráth roimh chothrom bliana an dáta aistrithe líonra, féadfaidh BGÉ nó Gaslink (a ngairtear “eintiteas iomchuí” de gach ceann díobh san fho-alt seo) nó féadfaidh siad araon, faoi réir ceadú a fháil ón Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, comhaontú i scríbhinn a dhéanamh leis an gcuideachta líonra chun aon sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dlíteanais agus foireann a aistriú ó eintiteas iomchuí chuig an gcuideachta líonra más é tuairim BGÉ agus an Aire araon nó, más é tuairim ceachtar díobh, gur chóir go mbeadh na sócmhainní, na ceadúnais, na cearta agus na dlíteanais sin nó an fhoireann sin sonraithe sa phlean aistrithe líonra.

(2) Beidh éifeacht le comhaontú faoin alt seo an dáta a dhéanfaidh an tAire é a cheadú le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó cibé dáta is déanaí ná sin a bheidh sonraithe sa chomhaontú nó a chinnfear de réir an chomhaontaithe agus déanfar aon sócmhainní, ceadúnais, cearta nó dlíteanais nó foireann a bheidh le haistriú faoin gcomhaontú a aistriú ar an dáta sin.

(3) Ní dhéanann comhaontú faoin alt seo difear do théarmaí agus coinníollacha fostaíochta aon fhostaí mura rud é go gcomhaontóidh an fostaí sin leis an athrú beartaithe.

**Cruthúnas ar theideal trí dheimhniú**

**18.** Maidir le deimhniú a eiseoidh—

(a) BGÉ nó Gaslink, le comhthoiliú na cuideachta líonra, nó

(b) an chuideachta líonra, le comhthoilíú BGÉ nó Gaslink,  
á rá go bhfuil—

(i) aon sócmhainn a bheidh sonraithe sa deimhniú, nó aon leas in aon sócmhainn den sórt sin nó aon cheart thar aon sócmhainn den sórt sin, nó

(ii) aon cheart nó dliteanas a bheidh sonraithe amhlaidh,

dílsithe d'eisitheoir an deimhnithe de bhua an Achta seo, beidh sé ina chruthúnas ar an bhfóras sin cheal fianaise dá mhalairt.

#### **Ceart go dtabharfar doiciméid teidil ar aird**

**19.** I gcás go mbeidh duine i dteideal, faoi aistriú faoi *alt 16* nó *17*, seilbh a bheith aige nó aici ar aon doiciméad a bhaineann go hiomlán nó go páirteach leis an teideal chun aon talún nó maoin eile ar aistríodh an úinéireacht uirthi chuig duine eile faoin aistriú sin nó faoi aistriú eile faoi cheachtar de na hailt sin, nó leis an gcéanna a bhainistiú, measfar gur thug an duine céadluaite admháil de réir bhrí *alt 84* den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 don duine eile.

#### **Tuarascáil bhliantúil agus cuntais**

**20.** (1) Ina thuarascáil bhliantúil de bhun *alt 14* d'Acht 1976, áireoidh BGÉ tuarascáil i dtaobh imeachtaí na cuideachta líonra sa bhliain airgeadais sin.

(2) Le linn dó cuntais a choimeád de bhun *alt 15* d'Acht 1976, cinnteoidh BGÉ go ndéanfar cuntais i dtaobh an airgid go léir a fuair nó a chaith an chuideachta líonra a shainaithe ar leithligh.

### CUID 3

#### GNÓ FUINNIMH A AISTRIÚ CHUIG CUIDEACHTA FUINNIMH

#### **Ullmhóidh BGÉ plean aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh**

**21.** (1) A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, déanfaidh BGÉ plean amháin nó níos mó (dá ngairtear “plean aistrithe” san Acht seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú nó lena gceadú chun—

(a) cibé sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dliteanais, agus

(b) cibé foireann,

de chuid BGÉ agus a chuid fochuideachtaí a aistriú chuig fochuideachta amháin nó níos mó de chuid BGÉ (dá ngairtear “cuideachta fuinnimh” san Acht seo) is dóigh le BGÉ a bheith riachtanach nó coimhdeach chun an gnó fuinnimh go léir, nó cuid de, a aistriú chuig an gcuideachta sin nó chuig na cuideachtaí sin.

(2) Sonróidh BGÉ i bplean aistrithe na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus atá le haistriú—

(a) trí thagairt a dhéanamh do shócmhainní, ceadúnais, cearta agus dliteanais nó comhaltaí foirne aonair,

- (b) trí thagairt a dhéanamh do na sócmhainní, na ceadúnais, na cearta agus na dliteanais agus na comhaltaí foirne go léir nó d'aon cheann de na sócmhainní, na ceadúnais, na cearta agus na dliteanais agus d'aon chomhalta foirne (cibé acu faoi réir eisceachtaí nó nach ea) a bhaineann le feidhm shonraithe, gníomhaíocht ghnó shonraithe, rannán sonraithe nó cuid shonraithe de BGÉ, nó
  - (c) trí thagairt a dhéanamh do na sócmhainní, na ceadúnais, na cearta agus na dliteanais agus do na comhaltaí foirne go léir nó d'aon cheann de na sócmhainní, na ceadúnais, na cearta agus na dliteanais agus d'aon chomhalta foirne (cibé acu faoi réir eisceachtaí nó nach ea) de chuid fochuideachta nó fochuideachtaí de chuid BGÉ nó a bhaineann le feidhm shonraithe nó gníomhaíocht ghnó shonraithe de chuid an chéanna, nó
  - (d) trí thagairt a dhéanamh do theaghlaim de na nithe dá dtagraítear sna míreanna sin roimhe seo.
- (3) Féadfar, le plean aistrithe, foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe forlíontacha, teagmhasacha agus iarmhartacha a bheidh riachtanach nó coimhdeach maidir leis na nithe a luaitear i *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (1)* a aistriú chuig cuideachta fuinnimh (lena n-áirítear an t-ord ina measfar éifeacht a bheith le haon aistrithe).

#### **Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais cuideachta fuinnimh**

- 22.** (1) Ón dáta aistrithe go dtí an dáta diúscartha, beidh meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais cuideachta fuinnimh i cibé foirm, ar comhréir leis an Acht seo, a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (2) Beidh sé sainráite i bpríomhchuspóirí cuideachta fuinnimh a bheidh luaite sa mheabhrán comhlachais go mbeidh ar áireamh orthu, don tréimhse dar tosach an dáta aistrithe agus dar críoch díreach roimh an dáta diúscartha, úinéireacht agus oibriú na coda sin den ghnó fuinnimh a bheidh aistrithe chuici faoin Acht seo.
- (3) Ón dáta aistrithe go dtí an dáta diúscartha, beidh airteagail chomhlachais cuideachta fuinnimh i cibé foirm, ar comhréir leis an Acht seo, a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (4) D'ainneoin aon ní in Achtanna na gCuideachtaí, ní bheidh aon athrú ar mheabhrán comhlachais nó airteagail chomhlachais cuideachta fuinnimh a dhéanfar roimh an dáta diúscartha bailí ná éifeachtúil mura ndéanfar é le ceadú roimh ré ón Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (5) Ní bheidh meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais cuideachta fuinnimh ar neamhréir leis an Treoir um Ghás Nádúrtha le linn na tréimhse dar tosach an dáta aistrithe agus dar críoch an dáta diúscartha.

#### **Stiúrthóirí cuideachta fuinnimh**

- 23.** (1) Déanfar foráil le hairteagail comhlachais cuideachta fuinnimh gurb amhlaidh, roimh a dáta diúscartha—
- (a) nach lú ná 3 líon stiúrthóirí na cuideachta fuinnimh,
  - (b) gur fostaithe de chuid BGÉ amháin, agus nach aon daoine eile, a bheidh incháilithe chun bheith ina stiúrthóirí de chuid na cuideachta fuinnimh, agus



(c) nach n-íofar aon luach saothair le stiúrthóirí de chuid na cuideachta fuinnimh as gníomhú mar stiúrthóirí.

(2) Go dtí an dáta diúscartha, ní bheidh éifeacht le ceapachán stiúrthóra de chuid cuideachta fuinnimh nó le foirceannadh ceapacháin den sórt sin go dtí go gceadóidh an tAire é le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### **An tAire do cheadú plean aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh**

**24.** (1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, plean aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh a cheadú, fara leasú nó gan leasú.

(2) Ní cheadóidh an tAire plean aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh mura deimhin leis nó léi nach ndéantar foráil leis an bplean ach amháin maidir le sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dliteanais agus foireann a aistriú atá riachtanach nó coimhdeach maidir leis an ngnó fuinnimh go léir, nó maidir le cuid de, a aistriú chuig an gcuideachta sin.

#### **Dáta aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh**

**25.** Ar phlean aistrithe i ndáil le cuideachta fuinnimh a cheadú nó dá éis, ceapfaidh an tAire dáta (dá ngairtear an “dáta aistrithe” san Acht seo) mar an dáta ar a mbeidh éifeacht leis an bplean aistrithe sin trí fhógra a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

#### **Aistriú chuig cuideachta fuinnimh**

**26.** An dáta aistrithe—

(a) tá éifeacht le *Sceideal 3*, maidir le sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dliteanais de chuid BGÉ agus a chuid fochuideachtaí, a bheidh sonraithe sa phlean aistrithe, a aistriú chuig an gcuideachta fuinnimh, agus

(b) tá éifeacht le *Sceideal 4* maidir le foireann de chuid BGÉ agus a chuid fochuideachtaí, a bheidh sonraithe sa phlean aistrithe, a aistriú chuig an gcuideachta fuinnimh.

#### **Aistrithe chuig cuideachta fuinnimh tar éis an dáta aistrithe**

**27.** (1) Aon tráth roimh an dáta diúscartha, féadfaidh BGÉ, faoi réir cheadú an Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, comhaontú a dhéanamh i scríbhinn le cuideachta fuinnimh chun aon sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dliteanais agus foireann a aistriú ó BGÉ chuig an gcuideachta fuinnimh más é tuairim BGÉ agus an Aire araon, nó más é tuairim ceachtar díobh, gur chóir go mbeadh na sócmhainní, na ceadúnais, na cearta agus na dliteanais sin nó an fhoireann sin sonraithe sa phlean aistrithe.

(2) Ní cheadóidh an tAire comhaontú faoin alt seo mura deimhin leis nó léi nach ndéantar foráil leis an gcomhaontú ach amháin maidir le sócmhainní, ceadúnais, cearta agus dliteanais agus foireann a aistriú atá riachtanach nó coimhdeach chun an gnó fuinnimh go léir, nó cuid de, a aistriú chuig an gcuideachta sin.

(3) Beidh éifeacht le comhaontú faoin alt seo ar an dáta a cheadóidh an tAire é, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó ar cibé dáta is déanaí ná sin a bheidh sonraithe sa chomhaontú, nó a chinnfear dá réir, agus déanfar aon



sócmhainní, ceadúnais, cearta nó dliteanais nó foireann a bheidh le haistriú faoin gcomhaontú a aistriú ar an dáta sin.

- (4) Ní dhéanann comhaontú faoin alt seo difear do théarmaí agus coinníollacha fostaíochta aon fhostaí mura gcomhaontóidh an fostaí sin leis an athrú beartaithe.

#### **Cruthúnas ar theideal trí dheimhniú**

**28.** Maidir le deimhniú a eiseoidh—

(a) BGÉ, le comhthoilíú cuideachta fuinnimh, nó

(b) cuideachta fuinnimh, le comhthoilíú BGÉ,

roimh an dáta diúscartha, á rá go bhfuil—

(i) aon sócmhainn a bheidh sonraithe sa deimhniú, nó aon leas in aon sócmhainn den sórt sin nó aon cheart thar aon sócmhainn den sórt sin, nó

(ii) aon cheart nó dliteanas a bheidh sonraithe amhlaidh,

dílsithe d'eisitheoir an deimhniú de bhua an Achta seo, beidh sé ina chruthúnas ar an méid sin cheal fianaise dá mhalairt.

#### **Ceart go dtabharfar doiciméid teidil ar aird**

**29.** I gcás go mbeidh duine i dteideal, faoi aistriú faoi *alt 26* nó *27*, seilbh a bheith aige nó aici ar aon doiciméad a bhaineann go hiomlán nó go páirteach leis an teideal chun aon talún nó maoiné eile ar aistríodh an úinéireacht uirthi chuig duine eile faoin aistriú sin nó faoi aistriú eile faoi cheachtar de na hailt sin, nó leis an gcéanna a bhainistiú, measfar gur thug an duine céadluaite admháil de réir bhrí alt 84 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 don duine eile.

#### **Cuideachta fuinnimh a dhiúscairt**

**30.** Féadfaidh BGÉ, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a scaireanna i gcuideachta fuinnimh a dhiúscairt ar cibé téarmaí is cuí leis.

#### **Cánachas ar ghnóchain inmhuirearaithe**

**31.** (1) Ní bheidh feidhm ag ailt 617 agus 631 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 maidir le haon aistriú chuig cuideachta fuinnimh, nó aon dílsiú dí, faoi *alt 26(a)* agus *Sceideal 3*.

(2) Ní bheidh feidhm ag alt 623 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 más rud é, ar chuideachta fuinnimh a dhiúscairt de réir *alt 30*, go scoirfidh an chuideachta fuinnimh de bheith ina comhalta de ghrúpa cuideachtaí (de réir bhrí alt 616 den Acht sin) ar comhalta de BGÉ.

CUID 4

LEASUITHE AR ACHT 1976

**Leasú ar Acht 1976**

**32. Leasaítear Acht 1976—**

(a) in alt 2—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíne ar “údarás áitiúil” (a cuireadh isteach le halt 15 d’Acht 2006):

“ciallaíonn ‘Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna’ an tAire den Rialtas a cheapfar ó am go ham le hordú ón Rialtas faoi alt 7B(2)(e);”,

agus

- (ii) sa mhíniú ar “píblíne” (arna leasú le halt 23 d’Acht 2002) trí “in alt 8(3)(e)” a chur in ionad “in alt 8(3)(f)”,

- (b) in alt 6, trí “a thabhóidh Aire den Rialtas (seachas an tAire Airgeadais)” a chur in ionad “a thabhóidh an tAire”,

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 7B(2) (a cuireadh isteach le halt 16 d’Acht 2006):

“(2) (a) Féadfaidh an Bord, de réir scéim cheadaithe, suas le 5 faoin gcéad d’aon stoc caipitiúil a chur ar fáil d’fhostaithe de chuid an Bhoird, nó d’iontaobhaithe thar a gceann, i gcomaoin claochluithe ar an gcuideachta a dhéanann fostaithe an Bhoird agus lena ngabhann an luach céanna ar a laghad.

- (b) Déanfaidh an Bord 5 faoin gcéad d’aon stoc caipitiúil a eisiúint, gan íocaíocht, chuig an Aire agus déileálfar leis an stoc caipitiúil sin mar stoc láníochta.

- (c) Déanfaidh an Bord 5 faoin gcéad d’aon stoc caipitiúil a eisiúint, gan íocaíocht, chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus déileálfar leis an stoc caipitiúil sin mar stoc láníochta.

- (d) Déanfaidh an Bord an chuid eile d’aon stoc caipitiúil a eisiúint, gan íocaíocht, chuig an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna cheapadh nó arna ceapadh faoi mhír (e) agus déileálfar leis an stoc caipitiúil sin mar stoc láníochta.

- (e) Féadfaidh an Rialtas, ó am go ham, chun Treoir 2009/73/CE an 13 Iúil 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup> a chur i ngníomh, Aire den Rialtas (seachas an tAire nó an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) a cheapadh le hordú chun bheith ina Aire nó ina hAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna.”,

<sup>3</sup>IO Uimh. L 211, 14.8.2009, lch. 94.

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 7C (a cuireadh isteach le halt 16 d’Acht 2006):

**“Airí d’fheidhmiú cumhachtaí i leith stoc caipitiúil**

7C. (1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, an tAire agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i leith an stoic chaipitiúil a bheidh ar seilbh aige nó aici, na cearta nó na cumhachtaí go léir atá ag sealbhóir stoic chaipitiúil den sórt sin a fheidhmiú agus, i gcás go mbeidh ceart nó cumhacht den sórt sin infheidhmithe trí aturnae, é nó í a fheidhmiú trína aturnae nó trína haturnae.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i leith an stoic chaipitiúil a bheidh ar seilbh ag gach duine díobh, rialú ar an mBord a fheidhmiú go díreach ná go neamhdhíreach le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 8 agus, go háirithe, ní bheidh sé nó sí i dteideal comhalta den Bhord a cheapadh ná cearta vótála a fheidhmiú i leith an Bhoird.

(3) Ní dhéanfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, an tAire agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an stoc caipitiúil go léir a bheidh ar seilbh aige nó aici faoi alt 7B, ná aon chuid de, a dhíol, a mhalartú, a ghéilleadh nó a dhiúscairt ar shlí eile gan toiliú a fháil roimh ré ón Rialtas.”

- (e) in alt 7E (a cuireadh isteach le halt 16 d’Acht 2006), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh an Bord scéim (dá ngairtear ‘scéim stoic chaipitiúil’ san alt seo) a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le stoc caipitiúil a chruthú, agus

(b) na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an stoc caipitiúil,

agus beidh aon scéim stoic chaipitiúil den sórt sin faoi réir toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna thabhairt (i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Aire Airgeadais) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d’fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi.”

- (f) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 7G (a cuireadh isteach le halt 16 d’Acht 2006):

“7G. Déanfar na méideanna go léir in ionannas d’fhinní nó airgead eile a gheobhaidh Aire den Rialtas (lena n-áirítear an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna) i leith stoc caipitiúil a bheidh ar seilbh ag an Aire sin faoin Acht seo a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste ar cibé slí is cúf leis an Aire Airgeadais.”

(g) in alt 8A (a cuireadh isteach le halt 8 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 1995), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) Feidhmeoidh an Bord aon chumhacht a thugtar dó leis an alt seo faoi réir toiliú i scríbhinn roimh ré ón Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna tar éis dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d’fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi.

(7) Gan dochar don Bhord d’fheidhmiú aon cheann dá fheidhmeanna, féadfaidh fochuideachta de chuid an Bhoird arna foirmiú nó arna bunú faoin alt seo nó faoi aon achtachán cibé feidhmeanna agus cibé líon feidhmeanna de chuid an Bhoird a fheidhmiú dá bhforáiltear i meabhrán comhlachais agus in airteagail chomhlachais na fochuideachta.”

(h) in alt 13(3), trí “leis an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna” a chur in ionad “leis an Aire”,

(i) in alt 14, tríd an leagan cuí gramadaí de “Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire”, gach áit a bhfuil sé,

(j) in alt 20(3)(a), trí “chun an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna” a chur in ionad “chun an Aire”,

(k) in alt 23—

(i) i bhfo-alt (1) (arna leasú le halt 9(a) den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 1995, trí “le toiliú roimh ré ón Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna thabhairt, i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Aire Airgeadais” a chur in ionad “le toiliú roimh ré ón Aire arna thabhairt le ceadú an Aire Airgeadais”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ní bhfaighidh an Bord airgead ar iasacht faoin alt seo ach amháin le toiliú roimh ré ón Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna thabhairt (i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Aire Airgeadais) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d’fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi.”

(l) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 24:

“24. Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna thabhairt (i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Aire Airgeadais) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d’fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi, cibé suimeanna a bheidh ag teastáil uaidh chun soláthar a dhéanamh do chaiteachas reatha a fháil ar iasacht go sealadach trí chomhshocraíocht le baincírí nó ar shlí eile.”

(m) in alt 29, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) D’ainneoin aon ní atá ar dhóigh eile san Acht seo, ní dhéanfaidh an Bord ceadúnas ná ceart i leith aon cheart mianraí a oibriú atá dílsithe don Bhord (ar leith ó aon duine eile nó ar shlí eile) a dhíol, a ligean, a léasú ná a fhorléasadh, ná a dhiúscairt ar shlí eile ná a dheonú ach amháin le toiliú an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna thabhairt (i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Aire Airgeadais) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d’fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi.”,

agus

(n) in alt 38(1), trí “a rinne an Bord a tharchur nó a dháileadh” a chur in ionad “a riar an Bord”.

#### **Feidhmeanna an Bhoird**

**33.** Leasaítear Acht 1976 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 8 (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Ghás Nádúrtha) (BGÉ), 2005 (I.R. Uimh. 760 de 2005):

“8. (1) (a) Beidh córas chun gás nádúrtha a tharchur agus a dháileadh ar úinéireacht ag an mBord agus déanfaidh an Bord an córas sin a oibriú, a fhorbairt agus a chothabháil ar córas tíosach éifeachtúil é agus ar dealraitheach don Bhord gur córas é atá riachtanach de thuras na huaire.

(b) Ní fhorléireofar aon ní i mír (a) mar ní lena ndéantar, go díreach nó go neamhdhíreach, aon chineál dualgais nó dliteanais is infhorfheidhmithe le himeachtaí os comhair aon chúirt a fhorchur ar an mBord nach mbeadh sé faoina réir thairis sin.

(2) Déanfaidh an Bord a oibleagáidí faoin Acht seo a chomhall de réir Threoir 2009/73/CE an 13 Iúil 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>4</sup> agus ag féachaint don ghá atá ann sábháilteacht agus slándáil tarchuir, dáilte agus soláthair gáis nádúrtha a áirithiú.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1) ná d’aon fhoráil den Acht seo ar leith ón alt seo, agus faoi réir aon cheanglais dlí, féadfaidh an Bord laistigh nó lasmuigh den Stát—

(a) gás nádúrtha a tharchur agus a dháileadh (bíodh nó ná bíodh an gás sin ullmhaithe, próiseáilte nó cóireáilte),

(b) gás nádúrtha a leachtú nó é a ullmhú, a phróiseáil nó a chóireáil ar shlí eile,

<sup>4</sup>IO Uimh. L 211, 14.8.2009, lch. 94.

- (c) táillí a shocrú, a ghearradh agus a ghnóthú i ndáil le haon seirbhís nó saoráid a sholáthróidh an Bord nó i ndáil le haon ní a ghabhfaidh an Bord de láimh de bhun an ailt seo, nó suibscríobhanna a shocrú agus a ghlacadh i ndáil le haon seirbhís nó saoráid a sholáthrófar amhlaidh,
  - (d) cibé téarmaí agus coinníollacha eile is cuí leis an mBord a chur ag gabháil le haon seirbhís nó saoráid a sholáthróidh sé,
  - (e) cibé píblínte, críochfoirt, stáisiúin laghdaithe brú, stáisiúin astógála, soithí, feithiclí, oibreacha, seirbhísí, saoráidí nó nithe eile is gá nó is fóirsteanach, nó a bheidh coimhdeach, i ndáil le soláthar, forbairt nó cothabháil córais tarchuir gáis agus córais dáilte, a sholáthar, a oibriú nó a chothabháil, nó a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil, cibé acu lena n-úsáid ag an mBord nó ag aon duine eile,
  - (f) aon cheann nó gach ceann de na seirbhísí agus na saoráidí seo a leanas a sholáthar a bhaineann le gás a fhorbairt, a tharchur nó a dháileadh, eadhon, comhairle nó cúnamh, seirbhísí taighde nó saoráidí taighde nó oiliúna,
  - (g) faoi réir fho-alt (4), airgead a shuibscríobh nó a ráthú le haghaidh cuspóirí déirciúla nó cuspóirí daoncharadais nó d'aon fhoras nó le haghaidh aon fhorais nó le haghaidh aon chuspóir poiblí, ginearálta nó fóinteach,
  - (h) billí malairte, nótaí gealltanais nó ionstraimí soshannta eile nó ionstraimí inaistrithe eile a tharraingt, a dhéanamh, a ghlacadh, a fhorhuiniú, a lascainiú, a shannadh nó a eisiúint,
  - (i) faoi réir fho-alt (5), bronntanas airgid, talún nó maoine eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais agus coinníollacha (más ann) a shonróidh an duine a thabharfaidh an bronntanas,
  - (j) aon ghníomhaíocht a sheoladh is dealraitheach don Bhord a bheith riachtanach, tairbhiúil nó teagmhasach i ndáil leis an mBord do chomhlíonadh aon fheidhm faoin Acht seo nó ar dealraitheach don Bhord go n-éascódh sí an comhlíonadh sin.
- (4) I gcás go ndéanfaidh an Bord, de bhun fho-alt (3)(g)—
- (a) suibscríobh is mó ná €2,000 a thabhairt, nó
  - (b) dhá shuibscríobh nó níos mó, is mó sa chomhiomlán ná €2,000, a thabhairt, aon bhliain áirithe, le haghaidh cuspóir nó foras áirithe nó don chéanna,
- déanfar an suibscríobh nó na suibscríobhanna, de réir mar is cuí, mar aon leis an gcuspóir nó leis an bhforas lena mbainfidh sé nó siad a shonrú sna cuntais a choimeádfaidh an Bord de bhun an Achta seo.
- (5) Ní ghlacfaidh an Bord bronntanas de bhun fho-alt (3)(i) más rud é go bhfuil na hiontaobhais agus na coinníollacha a chuirfidh an deontóir ag gabháil lena ghlacadh ar neamhréir le feidhmeanna an Bhoird.

(6) I gcás go mbeartóidh an Bord leas i bpíblíne, nó i gcuid di, a rinne sé de bhun agus de réir toiliú arna thabhairt faoin Acht seo, a aistriú chuig duine eile, gheobhaidh an Bord toiliú roimh ré ón Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, a thabharfar le ceadú an Rialtais, le haistriú den sórt sin agus féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna cibé coinníollacha is cuí leis nó léi a chur ag gabháil le toiliú roimh ré den sórt sin.

(7) I bhfo-alt (6)—

ciallaíonn ‘leas’ aon eastát, ceart, teideal nó leas eile, dlíthiúil nó cothromasach, agus folaíonn sé ceadúnas;

folaíonn an briathar ‘aistrigh’ na briathra deonaigh, forléas agus sann nó, de réir mar is cuí, folaíonn sé deonú, forléasadh agus sannadh.”.

#### **Feidhmeanna breise a thabhairt don Bhord**

**34.** Leasaítear Acht 1976 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 9 (arna leasú le halt 57 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011):

“9. (1) Féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Rialtais, le hordú, cibé feidhmeanna is dóigh leis an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna is cuí, agus a shonróidh sé nó sí san ordú, a thabhairt don Bhord, is feidhmeanna a bhaineann le húinéireacht, oibriú, cothabháil agus forbairt córais tarchuir agus dáilte gáis agus féadfar foráil a dhéanamh le haon ordú den sórt sin go gcomhlíonfar an fheidhm faoi réir coinníollacha a shonrófar san ordú agus féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha agus forlíontacha a bheith ann is dóigh leis an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna is gá nó is fóirsteanach chun lánéifeacht a thabhairt don ordú.

(2) Féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Rialtais, ordú faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a chúlghairm nó a leasú.

(3) Nuair a bheartóidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna ordú faoin alt seo a dhéanamh, leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.”.

#### **Ordacháin maidir le brabúis agus cuspóirí airgeadais an Bhoird**

**35.** Leasaítear Acht 1976 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 11 (a cuireadh isteach le halt 15 d’Acht 2002):

“11. (1) (a) Ó am go ham, féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna (le ceadú an Aire Airgeadais i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d’fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi, cibé ordacháin ghinearálta is cuí leis nó léi a thabhairt don Bhord maidir le cuspóirí airgeadais an Bhoird.



(b) Ó am go ham, féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna (le ceadú an Aire Airgeadais i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi, a ordú go ndéanfar brabúis an Bhoird i mbliain a shonrófar san ordachán a chur chun feidhme ar cibé slí (lena n-áirítear iad a fheidhmiú chun tairbhe don Státchiste) a shonrófar san ordachán.

(2) Le linn don Bhord a fheidhmeanna a chomhlíonadh—

(a) déanfaidh sé de réir aon ordachán faoin alt seo, agus

(b) beidh aird aige ar aon ordachán faoin alt seo maidir lena chuspóirí airgeadais.”.

#### **Cuntais agus iniúchtaí**

**36.** Leasaítear Acht 1976 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 15 (arna leasú le halt 15 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013):

“15. (1) Déanfaidh an Bord na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Bord nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna (le ceadú an Aire Airgeadais i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi.

(2) Déanfaidh an Bord cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur lena n-iniúchadh faoi bhráid iniúchóir a cheapfaidh an Bord, le ceadú an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, chun na cuntais a iniúchadh agus déanfaidh an Bord na cuntais sin, nuair a bheidh siad iniúchta amhlaidh, a thíolacadh don Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna agus cuirfidh an tAire sin faoi deara cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

(3) Déanfaidh an Bord táillí iniúchára a cheapfaidh an Bord go cuí faoin alt seo a íoc as airgead a bheidh faoina réir aige.

(4) Déanfaidh an Bord, má cheanglaíonn an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna air é, cibé faisnéis a thabhairt don Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna a theastóidh uaidh nó uaithi i ndáil le haon chuntas a chuirfidh an Bord isteach faoin alt seo.”.

#### **Foireann an Bhoird**

**37.** Leasaítear Acht 1976 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 16:

“16. (1) Ceapfaidh an Bord cibé daoine agus cibé líon daoine chun bheith ina n-oifigigh agus ina seirbhísigh don Bhord is cuí leis an mBord ó am go ham.



- (2) Sealbhóidh oifigeach nó seirbhíseach don Bhord a oifig nó a hoifig nó a fhostaíocht nó a fostaíocht ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an Bord ó am go ham.
- (3) Íocfaidh an Bord lena oifigigh agus lena sheirbhísigh cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachais is cuí leis an mBord agus sin, i gcás a phríomhoifigigh (cibé acu is Príomh-Oifigeach nó eile a thabharfar de thuairisc ar an oifigeach sin), faoi réir cheadú an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna thabhairt (le ceadú an Aire Airgeadais i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi.
- (4) Le linn don Bhord an luach saothair nó na liúntais i leith caiteachais a íocfar lena oifigigh nó lena sheirbhísigh nó na téarmaí nó na coinníollacha ar faoina réir a shealbhaíonn nó a shealbhóidh na hoifigigh agus na seirbhísigh sin a bhfostaíocht a chinneadh, beidh aird ag an mBord ar threoirlínte Rialtais, nó ar threoirlínte a bheidh comhaontaithe ar bhonn náisiúnta agus a bheidh ar marthain de thuras na huair, nó ar bheartas Rialtais i ndáil le luach saothair agus coinníollacha fostaíochta a bheidh ar marthain amhlaidh, agus, i dteannta an mhéid sin roimhe seo, déanfaidh an Bord de réir aon ordacháin maidir leis an luach saothair sin, na liúntais sin, na téarmaí sin nó na coinníollacha sin a thabharfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna ó am go ham don Bhord (le ceadú an Aire Airgeadais i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi.”.

**Leasú ar alt 18 d'Acht 1976 — Aoisliúntas d'oifigigh agus do sheirbhísigh an Bhoird**

**38. Leasaítear alt 18 d'Acht 1976—**

- (a) faoi réir mhír (b), tríd an leagan cuí gramadaí de “Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire”, gach áit a bhfuil sé,
- (b) i bhfo-ailt (3) agus (4), trí “tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe” a chur in ionad “le comhthoilíú Aire na Seirbhíse Poiblí”, gach áit a bhfuil sé,
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) Más rud é go mbeidh aon díospóid ann i dtaobh éileamh aon duine ar aon phinsean, aisce nó liúntas is iníoctha de bhun scéim faoin alt seo, nó i dtaobh mhéid an chéanna, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna agus, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tabharfaidh sé nó sí breith ar an ní agus is breith chríochnaitheach an bhreith sin.”,

agus

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7A) (a cuireadh isteach le halt 4 d'Acht 1987):

“(7A) San alt seo—

foláionn ‘oifigigh nó seirbhísigh don Bhord’ agus ‘oifigeach nó seirbhíseach don Bhord’:

- (a) daoine ar oifigigh nó seirbhísigh iad, nó a bhí tráth ar bith ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh, do Chuideachta Gháis Bhaile Átha Cliath, do chuideachta ar fochuideachta í, nó a bhí tráth ar bith ina fochuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963) de chuid Chuideachta Gháis Bhaile Átha Cliath nó do chuideachta a bhfaighidh an Bord a cuid sócmhainní tráth ar bith;
- (b) daoine ar fostaithe iad de chuid *Gaslink Independent System Operator Ltd.*, arb í an chuideachta í a foirmíodh de bhun Rialachán 5 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Ghás Nádúrtha) (BGÉ), 2005 (I.R. Uimh. 760 de 2005);
- (c) daoine ar fostaithe iad, aon tráth roimh an dáta diúscartha i ndáil le cuideachta fuinnimh (gach ceann díobh de réir bhrí an *Achta um Rialáil Gáis, 2013*), de chuid na cuideachta fuinnimh sin; agus
- (d) daoine ar fostaithe iad de chuid na cuideachta líonra (de réir bhrí an *Achta um Rialáil Gáis, 2013*);

foláionn ‘ar scor nó ar éag’ maidir le scor nó éag, agus

foláionn ‘ar éirí as, ar scor nó ar éag’ maidir leis an éirí as, leis an scor nó leis an éag.”.

#### Áraigh chaipitil an Bhoird

39. Leasaítear Acht 1976 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 21 (arna leasú le halt 23(1)(c) d'Acht 2002):

“21. (1) Ní rachaidh an Bord, gan toiliú an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna thabhairt (i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Aire Airgeadais) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi, faoi árach caipitil ar mó a mhéid ná méid a bheidh sonraithe de thuras na huaire chun críche an ailt seo agus a bhainfidh leis an árach.

(2) Ó am go ham, féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna (le ceadú an Aire Airgeadais, i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna), tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, dul i gcomhairle leis nó léi, méideanna a shonrú chun críocha an ailt seo agus féadfar méid den sórt sin a shonrú

amhlaidh i ndáil le háraigh chaipitil i gcoitinne nó i ndáil le háraigh chaipitil d'aicme nó de thuairisc áirithe.

- (3) D'ainneoin ghinearáltacht fho-alt (1) agus chun amhras a sheachaint, ní dhéanfaidh an Bord píblíne gan toiliú a fháil roimh ré ón Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna arna thabhairt (i gcás nach é nó í an tAire Airgeadais an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Aire Airgeadais) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le haon Aire eile den Rialtas ar chóir, i dtuairim an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile, dul i gcomhairle leis nó léi.
- (4) Féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le fógra i scríbhinn arna sheachadadh ar an mBord, a dhearbhuí nach mbeidh feidhm ag fo-alt (3) maidir le píblíní nó píblíní sonraithe nó aicmí píblíní a dhéanamh i limistéar sonraithe agus, cibé uair a bheidh fógra faoin bhfo-alt seo i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) i ndáil le píblíní, nó i ndáil leis na píblíní sin nó na haicmí píblíní sin a shonrófar san fhógra, a dhéanamh sa limistéar a shonrófar san fhógra.
- (5) Le linn a chinneadh cibé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh sé nó sí toiliú chun píblíne a dhéanamh, beidh aird ag an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna ar an méid seo a leanas—
- (a) ceanglais Threoir 2009/73/CE an 13 Iúil 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>5</sup>,
- (b) ar chedaigh an Coimisiún an píblíne a dhéanamh, agus
- (c) na cuspóirí beartais fuinnimh a bheartaítear a bhaint amach le déanamh na píblíne beartaithe.
- (6) I gcás go mbeartóidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna diúltú a thoilíú nó a toiliú a thabhairt faoin alt seo chun píblíne a dhéanamh, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Aire, leis an gCoimisiún agus leis an mBord agus, i gcás go ndiúltóidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna toiliú a thabhairt, tabharfaidh sé nó sí cúiseanna leis an diúltú.”.

#### **Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1976**

#### **40. Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1976—**

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 2 (a cuireadh isteach le halt 6 d'Acht 1987):

“2. Is iad a bheidh ar an mBord cathaoirleach agus cibé líon comhaltaí eile, nach mó ná 8, a chinnfidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna.

2A. Ní ceadmhach duine a cheapadh ná ní ceadmhach do dhuine gníomhú mar chomhalta den Bhord más stiúrthóir nó oifigeach é nó í de chuid cuideachta nó comhlacht corpraithe eile a ghabhann, laistigh nó lasmuigh den Stát—

<sup>5</sup>IO Uimh. L 211, 14.8.2009, lch. 94.

- (a) do ghás nádúrtha a sholáthar,
- (b) do ghás nádúrtha a loingsiú,
- (c) do ghás nádúrtha a tháirgeadh,
- (d) do leictreachas a sholáthar, nó
- (e) do leictreachas a ghiniúint.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 4:

“4. (1) Ó am go ham de réir mar is gá, déanfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Rialtais, comhalta den Bhord a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach ar an mBord.

(2) Beidh cathaoirleach an Bhoird i seilbh oifige go dtí go dtiocfaidh deireadh lena théarma oifige mar chomhalta den Bhord mura tuisce a éagfaidh sé, a éireoidh sé as oifig an chathaoirligh nó a scoirfidh sé de bheith ina chathaoirleach faoi mhír (4) den Airteagal seo.

(3) Féadfaidh cathaoirleach an Bhoird éirí as a oifig mar chathaoirleach aon tráth trí litir a sheolfar chuig an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, agus beidh éifeacht leis an éirí as, mura dtarraingeofar siar é roimhe sin i scríbhinn, i dtosach an chéad chruinnithe eile den Bhord a thionólfar tar éis don Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna an t-éirí as a chur in iúl don Bhord.

(4) I gcás scoirfidh cathaoirleach an Bhoird le linn a théarma oifige mar chathaoirleach de bheith ina chomhalta den Bhord, scoirfidh sé ansin freisin de bheith ina chathaoirleach ar an mBord.”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 5:

“5. Is é an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, le ceadú an Rialtais, a cheapfaidh gach comhalta den Bhord agus le linn don Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna an ceapachán sin a dhéanamh, socróidh sé téarma oifige an chomhalta sin is téarma nach faide ná cúig bliana agus, faoi réir an mhéid sin roimhe seo agus Airteagail 7 agus 9 (2) den Sceideal seo, beidh an comhalta sin i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.”,

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 6:

“6. Íocfaidh an Bord, as airgead a bheidh faoina réir aige, le comhalta den Bhord cibé luach saothair (más ann) agus liúntais i leith caiteachais a chinnfidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.”,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 7:

“7. Féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, aon

chomhalta den Bhord a chur as oifig a bheidh éirithe éagumasach, mar gheall ar easláinte, ar a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach, nó a mhí-iompair é féin mar a bheidh sonraithe, nó ar dóigh leis an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna gur gá é a chur as oifig chun gur éifeachtaí a chomhlíonfaidh an Bord feidhmeanna an Bhoird.”,

(f) in Airteagail 8, 11 agus 13, tríd an leagan cuí gramadaí de “Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Aire”, gach áit a bhfuil sé, agus

(g) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 25:

“25. (1) Féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh chun pinsin, aiscí nó liúntais eile a dheonú do chathaoirleach agus do chomhaltaí eile an Bhoird nó ina leith, is comhaltaí ar dualgais lánaimseartha a ndualgais sa cháil sin, ar scor dóibh d’oifig a shealbhú, seachas daoine a bhféadfar dámhachtain a dhéanamh ina leith faoi na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963.

(2) Féadfar foráil a dhéanamh le scéim faoin Airteagal seo nach gcuirfidh ceapadh chathaoirleach an Bhoird nó comhalta den Bhord a fhoirceannadh i rith téarma oifige an duine sin cosc le pinsean, aisce nó liúntas eile a dhámhadh dó faoin scéim.

(3) Féadfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a bheidh déanta aige faoin Airteagal seo a leasú.

(4) Má eascraíonn aon díospóid i dtaobh éileamh aon duine ar aon phinsean, aisce nó liúntas is iníoctha de bhun scéim faoin Airteagal seo nó i dtaobh mhéid an chéanna, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna agus déanfaidh seisean, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, breith a thabhairt ar an ní agus is breith chríochnaitheach an bhreith sin.

(5) Cuirfidh an Bord scéim faoin Airteagal seo i gcrích de réir a téarmaí.

(6) Gach scéim a dhéanfaidh an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna faoin Airteagal seo, leagfar í faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gach dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(7) I gcás go n-aistreofar státseirbhíseach bunaithe go cinntitheach chun an Bhoird mar chomhalta den Bhord, déanfar na sochair aoisliúntais a bheidh le deonú dó a ríomh, má ordaíonn an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna é dá rogha féin tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir fhorálacha na nAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963, ionann is dá mba amhlaidh, ar feadh thréimhse a sheirbhíse mar chomhalta lánaimseartha den Bhord tar éis a aistriú, gur státseirbhíseach bunaithe é agus gur íocadh é ar feadh na thréimhse sin as

airgead a sholáthair an tOireachtas de réir bhrí alt 17 den *Superannuation Act, 1859*.”.

#### CUID 5

##### ILGHNÉITHEACH

#### Stoc caipitiúil áirithe arna eisiúint ag BGÉ faoi alt 7B(2) d’Acht 1976 a aistriú

41. An dáta a dhéanfaidh an Rialtas, le hordú faoi alt 7B(2)(e) d’Acht 1976, Aire den Rialtas a cheapadh den chéad uair mar an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna—
- (a) maidir le haon stoc caipitiúil dá dtagraítear in alt 7B(2)(c) d’Acht 1976 agus a eisíodh chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó atá arna aistriú chuig an Aire sin de bhun alt 16(4) den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, tá sé arna aistriú chuig an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, agus
  - (b) tá an leathchuid d’aon stoc caipitiúil dá dtagraítear in alt 7B(2)(b) d’Acht 1976 agus a eisíodh chuig an Aire arna aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### Feidhmeanna an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna i ndáil leis an gcuideachta líonra

42. Ón dáta a cheapfaidh an Rialtas Aire den Rialtas den chéad uair, le hordú de bhun alt 7B(2)(e) d’Acht 1976, mar an tAire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, forléireofar tagairt in alt 6, 7 nó 10(5)(a) don Aire mar thagairt don Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna.

#### Leasú ar alt 2 d’Acht 1987

43. Leasaítear Acht 1987 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 2 (arna leasú le halt 23 d’Acht 2002):

“2. (1) Féadfaidh an Coimisiún, le hordú, na feidhmeanna seo a leanas a thabhairt, nó diúltú iad a thabhairt, d’aon duine amháin nó níos mó, lena n-áirítear an Bord—

- (a) feidhmeanna atá ar comhréir leis na feidhmeanna, nó le cibé de na feidhmeanna a mheasfaidh an Coimisiún a bheith cuí, a thugtar don Chuideachta leis na *Alliance and Dublin Gas Acts, 1866 go 1909*, i ndáil le gás a tharchur agus a dháileadh agus píblínte a sholáthar, a chothabháil, a dheisiú agus a athshuíomh chun na gcríoch sin agus fearais gháis a dhíol, a fhrúiliú, a ligean ar léas, a sholáthar trí fhruilcheannach nó trí dhíol creidmheasa, a shuiteáil, a dheisiú agus a chothabháil,
- (b) aon fheidhmeanna atá, i dtuairim an Choimisiúin, teagmhasach nó coimhdeach i ndáil le haon fheidhmeanna a thugtar don Bhord nó don duine iomchuí faoi mhír (a) nó atá, i dtuairim an Choimisiúin, riachtanach nó tairbhiúil i ndáil le comhlíonadh aon fheidhmeanna den sórt sin ag an mBord, nó a urasaíonn an comhlíonadh sin, agus



- (c) aon fheidhmeanna is gá nó is fóirsteanach, i dtuairim an Choimisiúin, d'fhonn a chinntiú go ndéanfar sábháilteacht an phobail agus sábháilteacht maoinne a áirithiú, a mhéid is indéanta, le linn don Bhord nó don duine iomchuí na feidhmeanna a thugtar dó nó di faoi mhíreanna (a) agus (b) a chomhlíonadh.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (c) d'fho-alt (1), féadfar, le hordú faoin bhfo-alt sin, cumhacht a thabhairt don Bhord nó don duine iomchuí, agus do chomhaltaí d'fhoireann an Bhoird nó an duine iomchuí arna n-údarú go cuí ag an mBord nó ag an duine iomchuí chuige sin, chun dul isteach in aon áitreabh agus é a iniúchadh agus cibé bearta a dhéanamh ansin a mheasfaidh siad a bheith cuí (lena n-áirítear daoine a gheofar san áitreabh sin a aslonnú) d'fhonn a chinntiú go ndéanfar sábháilteacht an phobail agus sábháilteacht maoinne a áirithiú, a mhéid is indéanta, le linn don Bhord nó don duine iomchuí na feidhmeanna a thugtar faoi mhíreanna (a) agus (b) d'fho-alt (1) a chomhlíonadh.
- (3) Féadfar, le hordú faoi fho-alt (1), foráil a dhéanamh le haghaidh cibé nithe teagmhasacha nó coimhdeacha a mheasfaidh an Coimisiún a bheith riachtanach nó fóirsteanach agus féadfaidh foráil a bheith san ordú gur cionta is inphionóis, ar chiontú achomair, le cibé pionóis a bheidh sonraithe san ordú agus a fhorchuirfidh an chúirt, bac nó treampán a chur ar an mBord nó ar an duine iomchuí nó ar chomhaltaí foirne le linn feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh nó mainneachtain nó diúltú déanamh de réir ordacháin a thabharfaidh an Bord nó an duine iomchuí nó comhaltaí foirne le linn feidhmeanna faoi fho-alt (1)(c) a chomhlíonadh.
- (4) Ní ceadmhach feidhmeanna a thugtar don Bhord nó don duine iomchuí le hordú faoi fho-alt (1) a chomhlíonadh ach amháin i cibé limistéir a bheidh sonraithe san ordú agus féadfar, le hordú den sórt sin, feidhmeanna éagsúla i ndáil le limistéir éagsúla a thabhairt don Bhord nó don duine iomchuí.
- (5) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh an Coimisiún diúltú ordú a dhéanamh faoin bhfo-alt sin lena dtabharfar feidhmeanna i ndáil le píblínte a sholáthar i limistéar áirithe má chinneann sé, maidir le toilleadh píblínte dáilte nó tarchuir atá ar marthain nó a bheartaítear sa limistéar sin agus a ndéanann nó a mbeartaíonn aon duine, lena n-áirítear an Bord, is ábhar d'ordú faoin bhfo-alt sin atá ar marthain i ndáil leis an limistéar sin iad a sholáthar, gur soláthar leordhóthanach é le haghaidh hionchas réasúnach éilimh.
- (6) (a) Faoi réir mhír (b) agus d'ainneoin fho-alt (1), beidh feidhm ag alt 39A(1) den Phríomh-Acht maidir le píblíne a dhéanamh de bhun agus de réir feidhm a thugtar don Bhord nó don duine iomchuí faoin alt seo mar atá feidhm aige maidir le píblíne a dhéanamh de bhun agus de réir feidhm a thugtar don Bhord nó don duine iomchuí leis an Acht sin.
- (b) Féadfaidh an Coimisiún a dhearbhu, le fógra i scríbhinn arna sheachadadh ar an mBord nó ar an duine iomchuí, nach mbeidh feidhm ag an alt sin 39A(1) maidir le píblínte nó píblínte sonraithe nó aicmí píblínte a dhéanamh de bhun agus de réir feidhm a thugtar don Bhord nó don duine iomchuí faoi fho-alt (1) i limistéar ina bhféadfar feidhmeanna a thugtar le hordú faoi fho-alt (1) a chomhlíonadh, nó i

gcuid shonraithe den limistéar sin agus, cibé uair a bheidh fógra faoin mír seo i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag an alt sin 39A(1) i ndáil le píblínite, nó leis na píblínite sin nó na haicmí píblínite sin a bheidh sonraithe san fhógra, a dhéanamh sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra.

- (c) Féadfaidh an Coimisiún cibé coinníollacha (más ann) a mheasfaidh sé is inmhianaithe i ndáil le déanamh, cothabháil, deisiú nó athshuíomh na bpíblínite nó na n-aicmí píblínite lena mbaineann fógra faoi mhír (b) a shonrú san fhógra agus déanfaidh an Bord nó an duine iomchuí de réir aon choinníollacha a bheidh sonraithe amhlaidh.
  - (d) Féadfaidh an Coimisiún, le fógra i scríbhinn arna sheachadadh ar an mBord nó ar an duine iomchuí, fógra faoin bhfo-alt seo (lena n-áirítear fógra faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.
- (7) (a) Féadfaidh an Coimisiún, ó am go ham, scrúdú a dhéanamh ar mhuirir le haghaidh gás nádúrtha a sholáthraíonn sealbhóir ceadúnais soláthair arna dheonú faoi alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002, agus ar na costais is bun leis na muirir sin, nó ar aon tograí chun na muirir sin a athrú.
- (b) I gcás gur dóigh leis gur gá déanamh amhlaidh tar éis scrúdú faoi mhír (a), eiseoidh an Coimisiún ordachán chuig sealbhóir ceadúnais soláthair arna dheonú faoi alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002 i ndáil le cineál nó méid, nó i ndáil le cineál agus méid, aon mhuirir nó muirir bheartaithe dá dtagraítear sa mhír sin agus déanfaidh sealbhóir an cheadúnais soláthair de réir ordachán den sórt sin.
- (8) Féadfaidh an Coimisiún, le hordú faoin bhfo-alt seo, ordú faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a chúlghairm nó a leasú.
- (9) Déanfar ordú faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.”.

#### **Leasú ar alt 17 den Acht Gáis (Leasú), 2000**

**44.** Leasaítear alt 17 den Acht Gáis (Leasú), 2000 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh an Bord, le ceadú an Aire ag a bhfuil tromlach na scaireanna, arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gabháil d’aon ghníomhaíocht ghnó, ina aonar nó i gcomhar le daoine eile, agus laistigh den Stát nó lasmuigh de, a mheasfaidh sé a bheith tairbhiúil don Bhord ach amháin i gcás go sárófaí Treoir 2009/73/CE an 13 Iúil 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>6</sup> dá ndéanfaí amhlaidh.”.

<sup>6</sup>IO Uimh. L 211, 14.8.2009, lch. 94.



**Leasú ar alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002**

45. Leasaítear alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002, i bhfo-ailt (14)(a), (15), (16)(b) agus (17)(b), trí “alt 8(6)” a chur in ionad “alt 8(7)”, gach áit a bhfuil sé.

**Leasú ar alt 16 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013**

46. Leasaítear an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2013 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 16:

“16. (1) Ní rachaidh an fhochuideachta, gan toiliú an Aire arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi árach caipitil ar mó a mhéid ná méid a bheidh sonraithe de thuras na huaire chun críche an ailt seo agus a bhainfidh leis an árach.

(2) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, méideanna a shonrú chun críocha an ailt seo agus féadfar méid den sórt sin a shonrú amhlaidh i ndáil le háraigh chaipitil i gcoitinne nó le háraigh chaipitil d’aicme nó de chineál áirithe.”

**Leasú breise ar an Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013**

47. Leasaítear Cuid 2 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 18:

**“Aoisliúntas**

18A. (1) A luaithe is féidir tar éis teacht i ngníomh don alt seo, déanfaidh an fochuideachta scéim nó scéimeanna, chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí d’fhoireann na fochuideachta nó ina leith, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Le gach scéim den sórt sin, socrófar an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim, agus féadfar tráthanna agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an fochuideachta, aon tráth, scéim lena leasófar nó lena gcúlghairfear scéim arna cur faoi bhráid an Aire agus arna ceadú roimhe sin faoin alt seo a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(4) Déanfaidh an fochuideachta scéim nó scéim leasaitheach arna cur faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(5) Déanfar foráil le haghaidh achomharc i ngach scéim a dhéanfar faoin alt seo.

(6) Ní dhéanfaidh an fochuideachta sochar aoisliúntais a dheonú do dhaoine dá foireann is comhaltaí de scéim faoin alt seo, ná ina leith, ná ní dhéanfar aon socrú eile chun aon sochar aoisliúntais a sholáthar do dhaoine den sórt sin ar scor dóibh de bheith i seilbh oifige, seachas de réir cibé scéim nó scéimeanna arna cur nó arna gcur faoi bhráid an Aire agus arna ceadú nó

arna gceadú faoin alt seo nó de réir socrú eile arna cheadú ag an Aire agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- (7) Cuirfidh an tAire faoi deara gach scéim arna cur faoina bhráid nó faoina bráid agus arna ceadú faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ceadaithe, agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar d'aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.
- (8) San alt seo, ciallaíonn ‘sochar aoisliúntais’ pinsean, aisce nó liúntas eile is iníoctha ar éirí as, ar scor nó ar bhás.”.

SCEIDEAL 1

*Alt 16(a)*

SÓCMHAINNÍ, CEADÚNAIS, CEARTA AGUS DLITEANAS DE CHUID BGÉ, AGUS DE CHUID  
GASLINK, A AISTRIÚ CHUIG AN GCUIDEACHTA LÍONRA

Úinéireacht sócmhainní agus ceadúnas áirithe de chuid BGÉ, agus de chuid Gaslink, a aistriú chuig an gcuideachta líonra

1. (1) De bhua na míre seo, tá úinéireacht na sócmhainní agus na ceadúnas sin de chuid BGÉ, agus de chuid Gaslink, a bheidh sonraithe sa phlean aistrithe líonra arna cheadú ag an Aire faoi *alt 14*, dílsithe don chuideachta líonra gan gá le haon tíolacas, aistriú, sannadh ná árachas.
- (2) Maidir leis na himeachtaí dlíthiúla go léir a bhaineann leis na sócmhainní agus na ceadúnas dá dtagraítear i *bhfomhír (1)* agus ar chuir BGÉ nó Gaslink tús leo nó ar cuireadh tús leo i gcoinne BGÉ nó Gaslink roimh an dáta aistrithe líonra agus a bheidh ar feitheamh díreach roimh an dáta sin, measfar gur imeachtaí dlíthiúla iad atá ar feitheamh ag an gcuideachta líonra nó i gcoinne na cuideachta líonra.
- (3) Maidir le haon ghníomh, ní nó rud a rinneadh nó a fágadh gan déanamh i ndáil leis na sócmhainní agus na ceadúnas dá dtagraítear i *bhfomhír (1)* roimh an dáta aistrithe líonra ag BGÉ nó Gaslink, ar BGÉ nó Gaslink nó i leith BGÉ nó Gaslink, measfar (a mhéid a bhfuil aon éifeacht leis an ngníomh, leis an ní nó leis an rud sin) go ndearnadh é nó gur fágadh é gan déanamh ag an gcuideachta líonra, ar an gcuideachta líonra nó i leith na cuideachta líonra.

Ceartha agus dliteanas áirithe de chuid BGÉ, agus de chuid Gaslink, a aistriú chuig an gcuideachta líonra

2. (1) Tiocfaidh na cearta agus na dliteanas de chuid BGÉ, agus de chuid Gaslink, a bheidh sonraithe sa phlean aistrithe arna cheadú ag an Aire faoi *alt 14* chun bheith ina gcearta agus ina ndliteanas de chuid na cuideachta líonra.
- (2) Maidir leis na himeachtaí dlíthiúla go léir a bhaineann leis na cearta nó na dliteanas dá dtagraítear i *bhfomhír (1)* agus ar chuir BGÉ nó Gaslink tús leo nó ar cuireadh tús leo i gcoinne BGÉ nó Gaslink roimh an dáta aistrithe agus a bheidh ar feitheamh díreach roimh an dáta sin, measfar gur imeachtaí dlíthiúla iad atá ar feitheamh ag an gcuideachta líonra nó i gcoinne na cuideachta líonra.
- (3) Maidir le haon ghníomh, ní nó rud a rinneadh nó a fágadh gan déanamh i ndáil leis na cearta nó na dliteanas dá dtagraítear i *bhfomhír (1)* roimh an dáta aistrithe ag BGÉ nó Gaslink, ar BGÉ nó Gaslink nó i leith BGÉ nó Gaslink, measfar (a mhéid a bhfuil aon éifeacht leis an ngníomh, leis an ní nó leis an rud sin) go ndearnadh é nó gur fágadh é gan déanamh ag an gcuideachta líonra, ar an gcuideachta líonra nó i leith na cuideachta líonra.
- (4) Déanfar tagairt in aon Acht, ionstraim reachtúil nó doiciméad eile do BGÉ nó Gaslink, a mhéid a bhaineann sí le sócmhainní, ceadúnas, cearta nó dliteanas atá dílsithe don chuideachta líonra, nó a aistrítear chuici, trí oibriú

Sc.1

[Uimh. 39.] *An tAcht um Rialáil Gáis*, 2013 [2013.]

*alt 16* agus an Sceidil seo, a léamh mar thagairt don chuideachta líonra, nó mar thagairt a fholáíonn tagairt don chuideachta líonra.

Ní mheasfar go bhfuil athrú ar úinéireacht sócmhainne ina chúis le leigheas

3. Maidir le hathrú ar úinéireacht dhlíthiúil nó thairbhiúil aon sócmhainne, ceadúnais, cirt nó dliteanais mar gheall ar oibriú an Achta seo agus an Sceidil seo, tiocfaidh sé chun bheith ina cheangal ar gach duine fiú amháin dá mba rud é, ar leith ón Acht seo, go mbeadh gá le toiliú nó comhthoiliú aon duine eile. Ní mheasfar go bhfuil athrú den sórt sin ina chúis le haon cheart nó leigheas ag páirtí in aon doiciméad.

Ní gá aturnaíocht i leith talamh léasaithe áirithe

4. Más é BGÉ nó Gaslink an léasóir faoi aon léas talún a thagann chun bheith dílsithe don chuideachta líonra de bhua an Sceidil seo, ní cheanglaítear ar an léasaí aturnú chuig an gcuideachta fuinnimh.

Ní inmhuirearaithe dleacht stampa

5. Níl dleacht stampa faoin Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 inmhuirearaithe i leith aon sócmhainn, ceadúnas, ceart nó dliteanas a dhílsiú nó a aistriú de bhua an Sceidil seo.

SCEIDEAL 2

*Alt 16(b)*

FOSTAITHE ÁIRITHE DE CHUID BGÉ, AGUS DE CHUID GASLINK, A AISTRIÚ CHUIG AN  
GCUIDEACHTA LÍONRA

Aistrítear fostaithe áirithe de chuid BGÉ, agus de chuid Gaslink, chuig an gcuideachta líonra ar an dáta aistrithe

1. Déantar fostaíocht na bhfostaithe sin de chuid BGÉ, agus de chuid Gaslink, a bheidh sonraithe i bplean aistrithe arna cheadú ag an Aire faoi *alt 14* a aistriú chuig an gcuideachta líonra de bhua an Sceidil seo.

Ní dhéanfaidh an Sceideal seo difear do nithe áirithe a bhaineann le comhaltaí foirne

2. (1) Faoi réir an Sceidil seo, gach duine a n-aistrítear a fhostaíocht nó a fostaíocht de réir *mhír 1*, tá sé nó sí fostaithe ag an gcuideachta líonra ar théarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar don duine sin ná na téarmaí agus na coinníollacha ar a raibh an duine fostaithe ag BGÉ nó ag Gaslink díreach roimh an dáta aistrithe.
- (2) Níl d'éifeacht le haon ní sa Sceideal seo conradh fostaíochta nó leanúnachas fostaíochta duine a bhriseadh chun aon dlí eile a bhaineann le fostaíocht agus a mbeadh feidhm aige maidir leis an duine, ar leith ón Sceideal seo, a chur chun feidhme maidir leis an duine. Go háirithe, ní dhéanann an Sceideal seo difear do chearta fabhráithe duine a bhí ag an duine díreach roimh an dáta aistrithe i leith saoire d'aon chineál.

Téarmaí agus coinníollacha fostaithe aistrithe a athrú

3. (1) Is téarma fostaíochta é de chuid gach fostaí aistrithe go bhféadfar téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta sin a athrú a mhéid a d'fhéadfaí, agus ar an modh ar a bhféadfaí, téarmaí agus coinníollacha fhostaíocht an fhostaí a athrú go dleathach díreach roimh an dáta aistrithe.
- (2) Ní choisctear le haon ní sa Sceideal seo téarmaí agus coinníollacha fostaíochta fostaí aistrithe a athrú tar éis an dáta aistrithe—
  - (a) de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin, nó
  - (b) le dlí nó comhaontú infheidhme nó faoin gcéanna.
- (3) Sa mhír seo—

folaíonn “téarmaí agus coinníollacha” téarma atá ar marthain de dheasca *fhomhír (1)*;

folaíonn “athrú”, i ndáil le téarmaí agus coinníollacha, athrú—

  - (a) trí aon cheann de na téarmaí agus na coinníollacha sin a fhágáil ar lár,
  - (b) trí chur leis na téarmaí agus na coinníollacha sin, nó
  - (c) trí théarmaí agus coinníollacha nua a chur in ionad na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céadluaite.

Sc.2 [Uimh. 39.] *An tAcht um Rialáil Gáis*, 2013 [2013.]

Socruithe aoisliúntais

4. Aon oifigeach nó seirbhíseach do BGÉ a n-aistrítear a fhostaíocht nó a fostaíocht chuig an gcuideachta líonra agus a bhí, díreach roimh an aistriú, ina chomhalta nó ina comhalta de scéim aoisliúntais arna bunú faoi alt 18 den Acht Gáis, 1976 le haghaidh oifigh nó seirbhísigh do BGÉ, tá sé nó sí i dteideal leanúint de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den scéim de réir théarmaí na scéime a bheidh i bhfeidhm ó am go ham.

SCEIDEAL 3

*Alt 26(a)*

SÓCMHAINNÍ, CEADÚNAIS, CEARTA AGUS DLITEANAIS A AISTRIÚ CHUIG CUIDEACHTA  
FUINNIMH

Úinéireacht sócmhainní agus ceadúnas áirithe a aistriú chuig cuideachta fuinnimh

1. (1) De bhua na míre seo, tá úinéireacht na sócmhainní agus na gceadúnas sin a bheidh sonraithe sa phlean aistrithe arna cheadú ag an Aire faoi *alt 24*, dílsithe don chuideachta fuinnimh gan gá le haon tíolacas, aistriú, sannadh ná árachas.
- (2) Maidir leis na himeachtaí dlíthiúla go léir a bhaineann leis na sócmhainní agus na ceadúnas dá dtagraítear i *bhfomhír (1)* agus ar chuir BGÉ, fochuideachta de chuid BGÉ, nó BGÉ agus fochuideachta de chuid BGÉ, tús leo, nó ar cuireadh tús leo i gcoinne BGÉ, i gcoinne fochuideachta de chuid BGÉ nó ina gcoinne araon, roimh an dáta aistrithe agus a bheidh ar feitheamh díreach roimh an dáta sin (seachas na himeachtaí dlíthiúla sin a bheidh eisiata go sainráite sa phlean aistrithe), measfar gur imeachtaí dlíthiúla iad atá ar feitheamh ag an gcuideachta fuinnimh nó i gcoinne na cuideachta fuinnimh.

Ceartha agus dliteanas áirithe a aistriú chuig an gcuideachta fuinnimh

2. (1) Tíocfaidh na cearta agus na dliteanas a bheidh sonraithe sa phlean aistrithe arna cheadú ag an Aire faoi *alt 24* chun bheith ina gcearta agus ina ndliteanas de chuid na cuideachta fuinnimh.
- (2) Maidir leis na himeachtaí dlíthiúla go léir a bhaineann leis na cearta nó na dliteanas dá dtagraítear i *bhfomhír (1)* agus ar chuir BGÉ, fochuideachta de chuid BGÉ, nó BGÉ agus fochuideachta de chuid BGÉ, tús leo, nó ar cuireadh tús leo i gcoinne BGÉ, i gcoinne fochuideachta de chuid BGÉ nó ina gcoinne araon, agus a bheidh ar feitheamh díreach roimh an dáta sin (seachas na himeachtaí dlíthiúla sin a bheidh eisiata go sainráite sa phlean aistrithe), measfar gur imeachtaí dlíthiúla iad atá ar feitheamh ag an gcuideachta fuinnimh nó i gcoinne na cuideachta fuinnimh.

Ní mheasfar go bhfuil athrú ar úinéireacht sócmhainne ina chúis le leigheas

3. Maidir le hathrú ar úinéireacht dhlíthiúil nó thairbhiúil aon sócmhainne, ceadúnas, cirt nó dliteanas mar gheall ar oibriú an Achta seo agus an Sceidil seo, tíocfaidh sé chun bheith ina cheangal ar gach duine fiú amháin dá mba rud é, ar leith ón Acht seo, go mbeadh gá le toiliú nó comthoiliú aon duine eile. Ní mheasfar go bhfuil athrú den sórt sin ina chúis le haon cheart nó leigheas ag páirtí in aon doiciméad. Ní oibreoidh aon fhoráil d'aon chonradh ná ní thíocfaidh aon fhoráil d'aon chonradh chun bheith infheidhmithe ná ní shárófar aon fhoráil d'aon chonradh mar gheall ar achtú nó oibriú an Achta seo.

Ní gá aturnaíocht i leith talamh léasaithe áirithe

4. Más é BGÉ nó fochuideachta de chuid BGÉ an léasóir faoi aon léas talún a thagann chun bheith dílsithe do chuideachta fuinnimh de bhua an Sceidil seo, ní cheanglaítear ar an léasaí aturnú chuig an gcuideachta fuinnimh.

Sc.3 [Uimh. 39.] *An tAcht um Rialáil Gáis*, 2013 [2013.]

Ní innhuirearaithe dleacht stampa

5. Níl dleacht stampa faoin Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 innhuirearaithe i leith aon sócmhainn, ceadúnas, ceart nó dlíteanas a dhísiú nó a aistriú de bhua an Sceidil seo.



SCEIDEAL 4

*Alt 26(b)*

FOSTAITHE ÁIRITHE A AISTRIÚ CHUIG CUIDEACHTA FUINNIMH

Aistrítear fostaithe áirithe chuig cuideachta fuinnimh ar an dáta aistrithe

1. Déantar fostaíocht na bhfostaithe sin a bheidh sonraithe i bplean aistrithe arna cheadú ag an Aire faoi *alt 24* a aistriú chuig an gcuideachta fuinnimh de bhua an Sceidil seo.

Ní dhéanfaidh an Sceideal seo difear do nithe áirithe a bhaineann le comhaltaí foirne

2. (1) Faoi réir an Sceidil seo, gach duine a n-aistrítear a fhostaíocht nó a fostaíocht de réir *mhír 1*, tá sé nó sí fostaithe ag an gcuideachta fuinnimh ar théarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar don duine sin ná na téarmaí agus na coinníollacha sin ar a raibh an duine fostaithe díreach roimh an dáta aistrithe.
- (2) Níl d'éifeacht le haon ní sa Sceideal seo conradh fostaíochta nó leanúnachas fostaíochta duine a bhriseadh chun aon dlí eile a bhaineann le fostaíocht agus a mbeadh feidhm aige maidir leis an duine, ar leith ón Sceideal seo, a chur chun feidhme maidir leis an duine. Go háirithe, ní dhéanann an Sceideal seo difear do chearta fabhráithe duine a bhí ag an duine díreach roimh an dáta aistrithe i leith saoire d'aon chineál.

Téarmaí agus coinníollacha fostaithe aistrithe a athrú

3. (1) Is téarma fostaíochta é de chuid gach fostaí aistrithe go bhféadfar téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta sin a athrú a mhéid a d'fhéadfaí, agus ar an modh ar a bhféadfaí, téarmaí agus coinníollacha fhostaíochta an fostaí a athrú go dleathach díreach roimh an dáta aistrithe.
- (2) Ní choisctear le haon ní sa Sceideal seo téarmaí agus coinníollacha fostaíochta fostaí aistrithe a athrú tar éis an dáta aistrithe—
  - (a) de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin, nó
  - (b) le dlí nó comhaontú infheidhme nó faoin gcéanna.
- (3) Sa mhír seo—

folaíonn “téarmaí agus coinníollacha” téarma atá ar marthain de dheasca *fhomhír (1)*;

folaíonn “athrú”, i ndáil le téarmaí agus coinníollacha, athrú—

  - (a) trí aon cheann de na téarmaí agus na coinníollacha sin a fhágáil ar lár,
  - (b) trí chur leis na téarmaí agus na coinníollacha sin, nó
  - (c) trí théarmaí agus coinníollacha nua a chur in ionad na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céadluaite.

Socruithe aoisliúntais

4. Aon oifigeach nó seirbhíseach do BGÉ a n-aistrítear a fhostaíocht nó a fostaíocht chuig cuideachta fuinnimh agus a bhí, díreach roimh an aistriú, ina chomhalta nó

Sc.4 [Uimh. 39.] *An tAcht um Rialáil Gáis*, 2013 [2013.]

ina comhalta de scéim aoisliúntais arna bunú faoi alt 18 den Acht Gáis, 1976 le haghaidh oifigigh nó seirbhísigh do BGÉ, tá sé nó sí i dteideal leanúint de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den scéim de réir théarmaí na scéime a bheidh i bhfeidhm ó am go ham, go dtí an dáta diúscartha i ndáil leis an gcuideachta fuinnimh.